

Treoir maidir le Cead Pleanála

Is é atá sa bhileog seo ná treoir shimplí maidir leis an chóras pleanála a thuiscint. Abraimis gur mhaith leat do theach a thógáil nó a shíneadh nó go bhfuil forbairt comharsanachta a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ort ar siúl. I gceachtar cás, beidh tú ag iarraidh tuilleadh faisnéise a fháil faoi oibriú an chórais phleanála.

Tá an bhileog seo ceaptha chun a bheith ina treoir phraiticiúil. Níl sí ina léiriú dlíthiúil críochnaitheach ar an dlí pleanála. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, d'fhéadfadh gurbh fhiú duit dul i gcomhairle le d'údarás pleanála áitiúil ach úsáid a bhaint as an seoladh atá tugtha ag deireadh na bileoige seo.

1. Cén uair a theastaíonn cead pleanála uaim?

I bhformhór na gcásanna, teastaíonn cead pleanála uait le haghaidh aon fhorbartha talún nó aon mhaoine mura bhfuil an forbairt díolmhaithe go sonrach ón ghá sin. Áirítear leis an téarma 'forbairt' oibreacha (tógáil, scartáil, athrú) a dhéanamh ar thalamh nó ar fhoirgnimh agus athrú úsáide ábhartha (i.e. athrú suntasach) a dhéanamh ar thalamh nó ar fhoirgnimh.

2. Cad is forbairt dhíolmhaithe ann?

Is é is forbairt dhíolmhaithe ann ná forbairt nach bhfuil cead pleanála ag teastáil ina leith. Tá na catagóirí d'fhorbairt dhíolmhaithe leagtha amach sa dlí pleanála. Bíonn tairseacha áirithe ann de ghnáth a bhaineann, mar shampla, le méid nó le hairde. Má sháraítear na tairseacha sin, ní bheidh feidhm ag na díolúintí a thuilleadh. Is é cuspóir na ndíolúintí ná rialuithe a sheachaint ar fhorbairtí de chineál beag, ar nós síntí beaga le tithe. Tugtar i mbileoga PL.5, PL.6 agus PL.7 mionsonraí faoi na príomhdhíolúintí.

3. An bhfuil cineálacha difriúla ceada ann?

Tá. Tá trí chineál ceada pleanála ann. Féadfar iarratas a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- cead;
- cead sracléaráide;
- cead de bhun cead sracléaráide a dheonú

Is é iarratas ar chead, ar a dtugtar iarratas ar lánchead uaireanta, an cineál iarratais is coitianta a dhéantar. Tá imthosca ann, áfach, ina mbeidh tú ag iarraidh iarratas a dhéanamh ar chead sracléaráide. Mar shampla, tá seans ann go mbeidh tú ag iarraidh a fháil amach cé acu a chomhaontaíonn nó nach gcomhaontaíonn údarás pleanála le do thogra i bprionsabal sula dtosóidh tú ag déanamh pleananna mionsonraithe. Má fhaigheann tú cead sracléaráide, ní mór duit lánchead a fháil sula dtabharfaidh tú faoi aon oibreacha. I bhformhór na gcásanna, ní mór iarratas dá éis sin ar chead a dhéanamh laistigh de 3 bliana ón dáta a deonaíodh cead sracléaráide. Mar sin féin, ní

fhéadfar cead sracléaráide a lorg le haghaidh déanmhas a choinneáil, le haghaidh oibreacha a dhéanamh ar dhéanmhas cosanta nó ar dhéanmhas cosanta beartaithe ná le haghaidh forbairtí a bhfuil gá le measúnacht tionchair timpeallachta, le ceadúnas um rialú comhtháite ar thruailliú nó le ceadúnas dramhaíola ina leith.

4. Cén áit ar féidir liom cead pleanála a fháil?

Is féidir leat cead pleanála a fháil ón údarás pleanála do do limistéar, i.e. do Chomhairle Contae áitiúil. Ní mór duit leas dlíthiúil dóthanach a bheith agat sa láithreán nó sa mhaoin, nó ní mór duit toiliú scríofa an duine a bhfuil an leas dlíthiúil sin aige/aici a fháil, sula bhféadfaidh tú an fhorbairt bheartaithe a chur i gcrích. Má dhéanann ceannaitheoir nó tionónta ionchasach iarratas pleanála, ba cheart toiliú scríofa an úinéara a bheith ag gabháil leis an iarratas de ghnáth.

5. Cá mhéad a chosnóidh sé?

Tá táille iníoctha le hiarratas ar chead pleanála. Tá na táillí do na haicmí difriúla forbartha liostaithe leis an fhoirm iarratais. Ní mór duit an táille cheart a íoc le d'iarratas toisc go dtoirmisctear ar an údarás pleanála le dlí cinneadh a dhéanamh ar aon iarratas go dtí go n-íocfar an táille sin. Tá seans ann go gcáileoidh eagraíochtaí deonacha do dhíolúine ón táille.

6. Cá fhad a thógfaidh sé chun cead pleanála a fháil?

Beidh sé sin ag brath ar iomláine an iarratais agus ar cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar achomharc. Tríd is tríd, déileálfaidh údarás pleanála le hiarratas bailí laistigh de 12 sheachtain, ón dáta a dhéanfar an t-iarratas go dtí an dáta a dheonófar cead. Bíonn tréimhsí éagsúla i gceist, áfach, go háirithe i gcás go n-iarrfaidh an t-údarás pleanála tuilleadh faisnéise ón iarratasóir (rud ba cheart dó a dhéanamh laistigh den chéad 8 seachtaine). Ón dáta a gheofar an tuilleadh faisnéise, beidh 4 seachtaine ag an údarás pleanála chun cinneadh a dhéanamh ar an iarratas. Léirítear sa tábla seo a leanas an t-amscála a bhíonn i gceist de ghnáth.

Amscála	Gníomh
Tús	Foilseofar fógra sa nuachtán agus cuirfear fógra láithreáin suas
Laistigh de 14 lá ón fhógra a fhoilsiú sa nuachtán	An dáta is déanaí le haghaidh iarratas a thaisceadh
Idir 5 seachtaine agus 8 seachtaine ina dhiaidh sin	Eiseoidh an t-údarás pleanála fógra faoina chinneadh ar an iarratas (nó féadfaidh sé tuilleadh faisnéise a iarraidh - féach Ceist 10 thíos)
1 mhí ina dhiaidh sin	Mura ndéantar aon achomharc, déanfaidh an t-údarás pleanála cead, nó cead sracléaráide, a

	dheonú ach amháin i gcás gur thug sé le fios cheana féin gur chinn sé diúltú cead a dheonú
Tá seans ann go dtógfaidh sé tréimhse níos faide chun cinneadh a dhéanamh ar achomharc ná chun cinneadh a dhéanamh ar an iarratas, ach tá sé mar chuspóir ag an Bhord Pleanála cinneadh a dhéanamh ar achomhairc laistigh de 4 mhí.	

7. **An féidir liom dul i gcomhairle leis an údarás pleanála roimh ré?**

Cé nach gá duit dul i gcomhairle leis an údarás pleanála sula ndéanann tú iarratas pleanála, is minic a mholtar do dhaoine déanamh amhlaidh mura bhfuil siad cinnte faoi bheartais phleanála áitiúla, faoi conas iarratas a dhéanamh, etc. Dá mhéad an togra forbartha is ea is mó an gá a bheidh ann le dul i gcomhairle roimh ré.

8. **Cén áit ar féidir liom faisnéis a fháil faoi bheartais phleanála áitiúla?**

Is leagtha amach sa phlean forbartha áitiúla atá beartais agus cuspóirí forbartha an údaráis pleanála. Is féidir leat amharc ar an phlean am ar bith le linn uaireanta oifige ag oifigí an údaráis áitiúil agus ag leabharlanna áitiúla. Tá cóipeanna den phlean agus sleachta as ar fáil ar chostas réasúnach ón údarás pleanála. Tá pleananna forbartha ar fáil ar shuíomh Gréasáin an údaráis áitiúil freisin ag www.donegalcoco.ie/services/planning

Conas is féidir liom iarratas pleanála a dhéanamh?

Tá foirmeacha agus faisnéis ar fáil ón údarás pleanála. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig www.donegalcoco.ie/services/planning

9. **Thaisc mé iarratas pleanála bailí. Cad a tharlóidh anois?**

Admhófar (laistigh de chúpla lá) go bhfuarthas d'iarratas agus cuirfear é ar an chlár pleanála in oifigí an údaráis pleanála lena iniúchadh ag an phobal. Cuirfear é ar áireamh freisin sna liostaí d'iarratais phleanála a chuirtear ar taispeáint in oifigí na Comhairle agus i leabharlanna poiblí agus a scaiptear ar ghrúpaí sainleasa áirithe. I bhformhór na gcásanna, déanfaidh oifigeach de chuid na Comhairle iniúchadh ar láithreán na forbartha; tá seans ann go n-iarrfar ort coinne a dhéanamh chun rochtain ar an láithreán a éascú.

10. **Cad a tharlóidh má tá m'iarratas neamhiomlán?**

Más rud é, maidir le d'iarratas:-

- go bhfuil roinnt de na doiciméid riachtanacha ar iarraidh uaidh
- nár íocadh an táille chuí ina leith, nó
- go bhfuil sé neamhleor ar aon bhealach eile (e.g. níor tugadh fógra poiblí cuí faoi d'iarratas) (e.g. níor comhlíonadh na ceanglais reachtúla le haghaidh fógra poiblí a thabhairt faoi d'iarratas).

Beidh an t-iarratas neamhbhailí agus seolfar é ar ais chugat i dteannta na táille. Tosóidh an tréimhse reachtúil 8 seachtaine le haghaidh cinneadh a dhéanamh ar an iarratas tráth a chuirfidh tú iarratas bailí isteach i dteannta na faisnéise riachtanaí ar fad, a íocfaidh tú an táille cheart agus a thabharfaidh tú fógra poiblí cuí faoin iarratas.

11. An féidir le daoine eile trácht a dhéanamh ar m'iarratas?

Is féidir. Is córas oscailte trédhearcach é an córas pleanála. Tá sé de cheart ag gach duine (daoine aonair, cumainn chónaitheoirí, etc.) amharc ar iarratas agus, faoi réir táille fhorordaithe a íoc, trácht dearfach nó diúltach a dhéanamh i scríbhinn air, más dóigh go rachaidh an togra i bhfeidhm ar an duine aonair nó ar an chomharsanacht. Agus cinneadh á dhéanamh aige ar iarratas, ní mór don údarás pleanála na tráachtaí scríofa uile a chur san áireamh. Is féidir leat trácht a dhéanamh ar iarratas fiú amháin i gcás nach dtéann an togra i bhfeidhm go díreach ort ach i gcás go mbraitheann tú go láidir faoi shaincheist ar leith agus gur mhaith leat do thuairim a chur in iúl. Ón dáta a gheobhaidh an t-údarás pleanála iarratas pleanála, beidh cúig seachtaine agat chun do thráachtaí a dhéanamh i scríbhinn. Má chuireann tú do thráachtaí isteach go luath, beidh tuilleadh ama ag an údarás pleanála chun iad a bhreithniú. Ní mór an táille fhorordaithe a íoc le gach trácht scríofa ar iarratais phleanála. Ba cheart duit gach trácht a sheoladh i scríbhinn chuig an údarás pleanála don limistéar lena mbaineann an t-iarratas. Más féidir déanamh amhlaidh, luaigh an uimhir thagartha a leithdháil an t-údarás ar an iarratas. Beidh gach doiciméad a bhaineann le hiarratas, lena n-áirítear do thráachtaí scríofa, ar fáil lena n-íniúchadh ag an phobal.

12. Conas a dhéantar an cinneadh?

Agus an cinneadh á dhéanamh aige, cuireann an t-údarás pleanála roinnt nithe san áireamh, lena n-áirítear: pleanáil agus forbairt chuí an limistéir (e.g. úsáid talún chuí (criosú); sábháilteacht ar bhóithre; dlús, méid agus suíomh na forbartha; an dóigh a bhfuiltear ag cloí le cleachtais bhunaithe phleanála agus forbartha); a phlean forbartha féin; aighneachtaí agus tuairimí a fuarthas ó dhaoine den phobal ar an iarratas; beartas an Rialtais; forálacha aon Ordaithe um Limistéar Taitneamhachta Speisialta; agus aon láithreáin Eorpacha atá ann (e.g. Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Chosanta Speisialta). Ní fhéadfaidh an t-údarás pleanála aird a thabhairt ar aon saincheisteanna nach mbaineann le pleanáil, e.g. díospóidí teorann nó díospóidí eile. Is trí mhodhanna dlíthiúla ba cheart saincheisteanna den sórt sin a réiteach.

13. Conas a gheobhaidh mé amach cé acu a deonaíodh nó nár deonaíodh cead?

Tabharfar duit, agus d'aon duine a rinne trácht ar an iarratas, fógra faoin chinneadh chun cead a dheonú faoi réir coinníollacha nó gan choinníollacha. Is é an rud a gheobhaidh tú ná fógra go bhfuil ar intinn cead a dheonú. Le linn thréimhse aon mhíosa dar tús an dáta a dhéanfar an cinneadh sin, féadfaidh tú nó aon duine eile achomharc a dhéanamh chun an Bhoird Phleanála ina choinne. Mura ndéantar aon achomharc, deonóidh an t-údarás pleanála cead go foirmiúil duit ag deireadh na tréimhse achomhairc. Níor cheart duit obair a thosú go dtí go bhfaighidh tú an fógra sin. Má dhéantar achomharc i gcoinne an chinnidh, gheobhaidh tú ón Bhord Pleanála an cinneadh chun cead a dheonú, faoi réir cibé coinníollacha a mheasfaidh an Bord a bheith cuí nó gan choinníollacha, nó an cinneadh chun cead a dhiúltú. I gcás go gcinneadh an t-údarás pleanála d'iarratas a dhiúltú, leagfar na cúiseanna leis an chinneadh sin amach san fhógra a sheolfar chugat. Beidh feidhm ag an tréimhse chéanna le haghaidh achomhairc (4 seachtaine) sa chás sin freisin. Ní fhéadfaidh ach daoine nó comhlachtaí a rinne aighneachtaí nó a thug tuairimí i ndáil leis an iarratas pleanála, agus a íocann an táille fhorordaithe le húdarás pleanála, achomharc a dhéanamh chun an Bhoird Phleanála i gcoinne cinneadh pleanála. Féadfaidh úinéirí talún tadhlaí nach ndearna aighneacht nó nár thug tuairim iarratas a dhéanamh chuig an Bhord ar Chead Achomhairc.

14. An bhféadfar coinníollacha a chur ag gabháil le mo chead?

Féadfar cead pleanála a dheonú faoi réir coinníollacha áirithe, a bheidh liostaithe ar an chinneadh. Dá bharr sin, is féidir go mbeidh ort athruithe a dhéanamh ar do thogra (e.g. socruithe nua a dhéanamh le haghaidh uisce dromchla a dhiúscairt; airde/dath/ábhar ballaí teorann a athbhreithniú; feabhas a chur ar thírdhreachú an láithreáin). Is féidir go gceanglófar ort freisin ranníocaíocht a dhéanamh leis an údarás áitiúil i leith seirbhísí. Beidh ranníocaíochtaí éagsúla le híoc i ngach áit agus do na cineálacha difriúla forbartha. Ní mór duit cloí le gach ceann de na coinníollacha atá ag gabháil leis an chead agus an obair a chur i gcrích i gcomhréir leo. Fiú amháin i gcás go mbeidh níos mó ná cead amháin agat le haghaidh láithreáin, ní fhéadfaidh tú togha agus rogha a fheidhmiú maidir leis na coinníollacha a oireann is fearr duit.

15. Cá fhad a mhairfidh cead?

De ghnáth, mairfidh cead pleanála cúig bliana ón dáta a dheonóidh an t-údarás pleanála nó an Bord Pleanála an cead.

Féadfar iarratas a dhéanamh ar an tréimhse chuí a fhadú. Mar sin féin, ní mór an t-iarratas sin a dhéanamh roimh dheireadh na

tréimhse cuí, ach tráth nach luaithe ná aon bhliain sula rachaidh sí in éag. Ní mór an t-iarratas a dhéanamh de réir na rialachán comhfhreagrach arna ndéanamh faoin Acht freisin. Déanfaidh údarás pleanála cead a fhadú, de réir mar is cuí, ar choinníoll gur deimhin leis an Údarás, i ndáil leis an chead -

- gur thosaigh an fhorbairt lena mbaineann an cead roimh dheireadh na tréimhse cuí a bheifear ag iarraidh a fhadú, agus
- go ndearnadh móroibreacha de bhun an cheada le linn na tréimhse sin, agus
- go gcríochnófar an fhorbairt laistigh d’achar réasúnach ama

NÓ

- go raibh cúinsí de chineál tráchtála, eacnamaíochta nó teicniúla ann nach raibh neart ag an iarratasóir orthu agus a chuaigh ar shlí shubstainteach i gcoinne an fhorbairt a thosú nó móroibreacha a chur i gcrích de bhun an cheada pleanála, agus
- nár tharla aon athruithe suntasacha ar na cuspóirí forbartha sa phlean forbartha ná ar chuspóirí forbartha réigiúnacha sna treoirlínte pleanála réigiúnacha do limistéar an údaráis pleanála ó dháta an cheada i leith de shórt a d’fhágfadh nach mbeadh an fhorbairt i gcomhréir a thuilleadh le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir, agus
- nach mbeadh an fhorbairt ar neamhréir le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir ag féachaint d’aon treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire faoi alt 28, d’ainneoin gur eisíodh amhlaidh iad tar éis an dáta a deonaíodh an cead ar i ndáil leis a dhéantar iarratas faoin alt seo, agus
- i gcás nár tosaíodh an fhorbairt, go ndearnadh measúnacht tionchair timpeallachta, nó measúnacht chuí, nó an dá mheasúnacht sin, dá mba ghá, sular deonaíodh an cead.

Más rud é go rachaidh cead pleanála in éag agus go ndéanfaidh tú iarratas ar chead nua don fhorbairt chéanna, féadfaidh an t-údarás pleanála cead a dheonú nó coinníollacha an-difriúil a chur ag gabháil leis an chead. Tarlaíonn sé sin, mar shampla, i gcás gur tháinig athrú san idirthréimhse ar bheartais phleanála nó ar na ceanglais le haghaidh phleanáil agus fhorbairt chuí an limistéir.

16. An bhféadfaidh mé amharc ar iarratas pleanála?

Tá tú i dteideal amharc, saor in aisce, ar gach doiciméad a chuirtear isteach le hiarratas pleanála. Féadfaidh tú é sin a dhéanamh le linn uaireanta oifige ag oifig an údaráis pleanála ón dáta a gheofar an t-iarratas go dtí go ndéanfar an cinneadh air. Féadfaidh tú amharc ar gach trácht scríofa ar an iarratas freisin. Tar éis don údarás pleanála cinneadh a dhéanamh, féadfar amharc, le linn na tréimhse le haghaidh achomhairc, ar thuarascálacha inmheánacha arna n-ullmhú ag an údarás pleanála nó thar a cheann ar an iarratas. Féadfar cóipeanna d'aon chuid d'iarratas a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh. Beidh cinntí pleanála ar fáil lena n-iniúchadh ag an phobal ar feadh seacht mbliana tar éis don údarás pleanála an cinneadh a dhéanamh. Is é atá sa chlár pleanála agus sa léarscáil ná an taifead ar gach iarratas pleanála, ar gach cinneadh, ar gach achomharc, ar gach gníomh forfheidhmiúcháin, etc. Tá an clár ar oscailt lena iniúchadh, saor in aisce, ag an phobal le linn uaireanta oifige ag oifigí an údaráis pleanála. Féadfar cóipeanna d'iontrálacha sa chlár a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh.

17. Cé a fhorfheidhmiúnn cinntí pleanála?

Tá sé de fhreagracht ar an údarás pleanála, a bhfuil cumhachtaí forfheidhmiúcháin leathana aige, a chinntiú go gcuirfear an fhorbairt i gcrích i gcomhréir le cead pleanála agus forbairt neamhúdaraithe a stad agus a réiteach. Ba cheart cúram a ghlacadh chun a chinntiú go gcomhlíonfar gach coinníoll ceada ina n-iomláine chun gníomh forfheidhmiúcháin a sheachaint agus chun deacrachtaí a sheachaint nuair a bheidh an mhaoin á díol ag dáta níos déanaí (féach Ceist 21 thíos).

18. Conas is féidir liom forbairt neamhúdaraithe a stopadh?

Má cheapann tú go bhfuil talamh á forbairt nó á húsáid ag duine gan cead pleanála, nó contrártha do chead pleanála, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an údarás pleanála, a dhéanfaidh imscrúdú ar an ní. Tá sé de cheart ag gach duine iarratas a dhéanamh sa Chúirt Chuarda nó san Ard-Chúirt ar ordú lena sriantar forbairt neamhúdaraithe nó úsáid neamhúdaraithe talún nó ar ordú lena gceanglaítear go gcomhlíonfar cead pleanála. Ag brath ar na himthosca, féadfar orduithe cúirte a fháil ar fhógra an-ghearr. Cinnteoidh na Cúirteanna go gcomhlíonfar aon ordú a dhéanfar.

19. An ggearrtar aon phionóis i leith sáruithe ar an dlí pleanála?

Gearrtar. Is cion é tabhairt faoi aon obair a bhfuil cead ag teastáil ina leith gan an cead sin a fháil ar dtús. Tá cumhachtaí ag údaráis pleanála forbairt neamhúdaraithe a stopadh agus, uaireanta, bíonn ardchostas ag baint leis sin don chiontóir. Is féidir go gceanglófar ort aon oibreacha neamhúdaraithe a réiteach agus, sa chás sin, beidh ort

cibé costais a bheidh i gceist a íoc. Ar chiontú sa Chúirt Dúiche, féadfar fineálacha ar fiú suas le €1,000 iad a fhorchur i dteannta fineálacha ar fiú suas le €200 in aghaidh an lae iad i leith cionta leanúnacha. Tá sé de chumhacht ag na Cúirteanna Dúiche pianbhreitheanna príosúin ar feadh suas le 6 mhí a fhorchur freisin. Ar chiontú sna Cúirteanna is airde, is é €1,000,000 (€10,000 in aghaidh an lae i leith cionta leanúnacha) an fhíneáil uasta a fhéadfar a fhorchur. Féadfaidh siad pianbhreitheanna príosúnachta ar feadh suas le 2 bhliain a fhorchur chomh maith.

20. Cé na doiciméid is gá dom a chur isteach?

Beidh na doiciméid is gá duit a chur isteach le d'iarratas ag brath ar an chineál forbartha atá i gceist. Beidh sé riachtanach a léiriú iontu, ar bhealach soiléir agus sách mionsonraithe, cad atá i gceist le do thograí forbartha, cén chuma a bheidh ar an fhorbairt nuair a bheidh sí críochnaithe agus conas a bhainfidh an fhorbairt leis an láithreán, leis na déanmhais thadhhlacha agus leis an mhaoin thadhhlach, etc. Má tá umar seipteach á shuiteáil agat, is féidir go mbeidh ort torthaí an phoill tástála agus na dtrialacha síothlaithe a chur isteach. Má tá iarratas á dhéanamh agat ar chineálacha áirithe forbartha talmhaíochta, is féidir go mbeidh ort comhaontuithe sínithe le tiarnaí talún a chur isteach i ndáil le leathadh eisilteach. Soiléireoidh an t-údarás pleanála na doiciméid agus na mionsonraí a theastaíonn. Tríd is tríd, áfach, ní mór duit na nithe seo a leanas a chur isteach i ngach cás:

- an leathanach den nuachtán ina léirítear an fógra nuachtáin;
- cóip den fhógra láithreáin atá curtha suas;
- 6 chóip den léarscáil de shuíomh an láithreáin (ar scála nach lú ná 1:1000 le haghaidh forbairt i gceantar ina bhfuil go leor tógála déanta agus ar scála nach lú ná 1:2500 i ngach ceantar eile);
- plean ina léirítear suíomh an fhógra láithreáin ar an talamh;
- 6 chóip de phlean láithreáin nó de phlean leagan amach (ar scála nach lú ná 1:500). Ní mór gach léarscáil a chur i láthair ar scála méadrach. Má bhaineann an fhorbairt le déanmhas cosanta nó leis an taobh amuigh de dhéanmhas laistigh de limistéar caomhantais ailtireachta, ní mór grianghraif, pleananna agus mionsonraí eile, ina léireofar conas a rachaidh an fhorbairt i bhfeidhm ar shainghné an déanmhais, a bheith ag gabháil leis an iarratas.

21. Cad ba cheart a léiriú i léarscáil de shuíomh an láithreáin?

Ní mór na nithe seo a leanas a léiriú i léarscáil de shuíomh an láithreáin:

- An talamh lena mbaineann agus suíomh na ndéanmhais beartaithe, áit a mbeidh teorainn an láithreáin léirithe go soiléir i gcló dearg,
- Talamh eile atá suite i gcomharsanacht na forbartha beartaithe, áit a mbeidh an talamh atá faoi úinéireacht an iarratasóra nó an tiarna talún imlínithe i gcló gorm agus a mbeidh na ceadanna slí imlínithe i gcló buí,

- Uimhir leatháin Suirbhéireacht Ordanáis na léarscáile,
- Pointe tuaiscirt agus scála na léarscáile,
- Ainm agus seoladh an duine a d'ullmhaigh an léarscáil

22. Cad ba cheart a léiriú i bplean láithreáin nó i bplean leagan amach?

Ní mór na nithe seo a leanas a léiriú i bplean láithreáin nó i bplean leagan amach:

- Teorainn an láithreáin i gcló dearg,
- Foirgnimh, bóithre, teorainneacha, umair sheipteacha, limistéir shíothlaithe, toibreacha tollta, clampaí suntasacha crann agus gnéithe eile atá ar an talamh nó an déanmhas, atá taobh leis an talamh nó an déanmhas nó atá cóngarach di/dó faoi láthair (ar scála nach lú ná 1:500),
- Leibhéal comhrianta na talún agus na ndéanmhas beartaithe, nuair is infheidhme,
- Uimhir an leatháin Suirbhéireacht Ordanáis, más infheidhme,
- Pointe tuaiscirt agus scála na léarscáile,
- Ainm agus seoladh an duine a d'ullmhaigh an plean.

23. Cad faoi na pleananna agus faoi na líníochtaí eile?

Ní mór na nithe seo a leanas a chomhlíonadh sna pleananna agus sna líníochtaí eile:

- Ní mór pleananna, ingearchlónna agus codanna a tharraingt ar scála nach lú ná 1:200 (nó ar scála eile a chomhaontófar leis an údarás pleanála).
- Ní mór na príomhghnéithe de na foirgnimh atá tadhlach leis an déanmhas beartaithe a léiriú ar scála nach lú ná 1:200 sna líníochtaí nó sna hingearchlónna le haghaidh aon déanmhais bheartaithe.
- Ní mór tograí le haghaidh athfhoirgniú, athrú nó síneadh a bheith marcáilte go soiléir chun idirdhealú a dhéanamh idir iad agus na déanmhais atá ann cheana féin.
- Ní mór na príomhthoisí (lena n-áirítear airde fhoriomlán) a thabhairt i bpleananna urláir, in ingearchlónna agus i gcodanna na ndéanmhas beartaithe.
- Ní mór pointe tuaiscirt agus scála na léarscáileanna a thaispeáint.
- Ní mór uimhir an leatháin Suirbhéireacht Ordanáis, más infheidhme, a léiriú.
- Ba cheart ainm an duine a d'ullmhaigh na pleananna agus na líníochtaí a sholáthar.